

# Modúl 10

# Ag Iniúchadh Seanmhapaí

*Ag foghlaim conas seanmhapaí a léamh*

## Comhtháthú agus Nascadh Curaclaim

*Féach Treoirlínte an Mhúinteora (ar fáil as Béarla amháin) le breis eolas a fháil*

## OSIE Stair

### RANGANNA NAÍONÁN

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta

### RANG 1 & 2

SNÁITHE: Athrú agus leanúnachas
- Snáithaonad: Leanúnachas agus athrú sa gharthimpeallacht

### RANG 3 & 4

SNÁITHE: Staidéir Áitiúla
- Snáithaonad: Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar
- Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

SNÁITHE: Pobail agus sochaithe ársa
- Snáithaonad: Pobail na Clochaoise
- Snáithaonad: Pobail na Cré-umhaoise
- Snáithaonad: Éire Luath-Chríostaí

SNÁITHE: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart
- Snáithaonad: An saol in Éirinn i rith thréimhse na Normannach
- Snáithaonad: An saol san ochtú haois déag
- Snáithaonad: An saol sa naoú haois déag

SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama
- Snáithaonad: Iompar

### RANG 5 & 6

SNÁITHE: Staidéir Áitiúla
- Snáithaonad: Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar
- Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

SNÁITHE: Scéalaíocht
- Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

SNÁITHE: Pobail agus sochaithe ársa
- Snáithaonad: Pobail na Clochaoise
- Snáithaonad: Pobail na Cré-umhaoise
- Snáithaonad: Éire Luath-Chríostaí

SNÁITHE: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart
- Snáithaonad: An saol in Éirinn i rith thréimhse na Normannach
- Snáithaonad: An saol san ochtú haois déag
- Snáithaonad: An saol sa naoú haois déag

SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama
- Snáithaonad: Iompar
- Snáithaonad: Áitribh, forbairtí tithíochta agus uirbeacha

## NASCADH



**OSIE Tíreolaíocht**
- Imshaoil dhaonna
- Imshaoil nádúrtha
- Feasacht agus cúram imshaoil



**OSIE Eolaíocht**
- Feasacht agus cúram imshaoil

## COMHTHÁTHÚ



**Matamaitic**
- Luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla
- Uimhreas
- Cruth agus spás
- Sonraí



**Na hAmharcealaíona**
- Líníocht



**OSPS**
- Mise agus an domhan mór



**Gaeilge**
- Éisteacht
- Labhairt
- Scríbhneoireacht
- Léitheoireacht




**English**
- Receptiveness to language
- Competence and confidence
- Developing cognitive abilities through language
- Emotional and imaginative development through language

“An rud ba mhór a thaitin liom ná bheith ag féachaint ar na mapaí agus stair ár gceantair féin a fheiceáil.”


*Dalta Rang 6*







## CUSPÓIR



Taispeáint do na daltaí conas seanmhapaí a léamh trí ghnéithe éagsúla a aithint.

## AOISGHRÚPA



Tá an modúl seo oiriúnach do gach rang leibhéal.
Chun an modúl a láimhseáil i gceart do gach aoisghrúpa, féach Treoirlínte an Mhúinteora (ar fáil as Béarla amháin).

## ÁBHAIR AGUS FEARAS



- Pinn luaidhe dhaite: buí; dearg; donn; oráiste; gorm; glas; bándearg.

### Bileoga Oibre (BO)


- **BO1:** Mapa Suirbhéireacht Ordanáis
- **BO2:** Bóithre, Airdí agus Comhrianta
- **BO3:** Uisce, Crainn agus Foirgnimh
- **BO4:** Bailte fearainn, Páirceanna & Teorainneacha
- **BO5:** Séadchomharthaí Seandálaíochta
- **BO6:** Mapa 1840


## ULLMHÚCHÁN


Ba chóir an mapa (**BO1**) a mhéadú ar ghléas fótachóipeála go méid A3. Tabhair cóip den mhapa do gach dalta.

Cuir na daltaí ar an eolas maidir leis na gnéithe éagsúla den mhapa a bheidh orthu a aithint. Bainfidh siad tairbhe as gnátheolas a fháil ar mhapaí freisin:

- tarraingítear de réir scála iad (sé horlaí = míle/ 1:10,560 sa chás seo)
- bíonn an tuaisceart ag barr an mhapa i gcónaí
- seasann na siombail ar an mapa do ghnéithe ar an talamh.
- an úsáid a mbaintear as mapaí? (taisteal timpeall na háite; ag taispeáint úinéireacht talún; eolas topagrafach a léiriú).





# Tosaímis!

## Suíomh a chruthú

Taispeánann an mapa ceantar feirmeoireachta dhá míle soir ó Ráth Luirc i dtuaisceart Chorcaí sa bhliain 1936. Cabhróidh na Bileoga Oibre leis an dalta tuiscint a fháil ar na sraitheanna eolais uilig a bhíonn ar mhapaí; bóithre agus páirceanna, tithe agus sruthán chomh maith leis an eolas teicniúil faoi chomhrianta agus faoin achar talún atá ag bailte fearainn.

## An Ghníomhaíocht

Tabhair amach an mapa méadaithe (**BO1**) do gach dalta agus tabhair faoin gceithre bhileog oibre eile. Is féidir é seo a dhéanamh in aon seisiún amháin nó mar chúpla ceacht éagsúil. Ná bí buartha má bhíonn deacrachtaí ag roinnt daltaí na siombail a thuiscint nó má bhíonn léirmhínithe éagsúla acu orthu. An t-aon rud amháin atá tábhachtach ná go dtuigeann siad go bhfuil go leor eolais ar an mapa agus go léirítear ar bhealaí éagsúla é. Ba chóir go mbainfeadh na daltaí sult as an mapa a dhathú. Ach déan cinnte nach mbíonn an dathú ródhorcha ar eagla go mbeidh na sonraí a raibh siad ag iarraidh béim a chur orthu clúdaithe.

**Nod:** Is féidir an ceacht seo a déanamh cúpla uair má tá gá leis.

## Ghníomhaíocht Dheiridh

Iarr ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar gach rud a d'fheicfidís ar shiúlóid ó Springfort House go Two Mile Cross Road agus/nó

Taispeánann **BO6** an ceantar céanna le **BO1** ach sa bhliain 1840.

Déan comparáid idir an dá mhapa agus féach cé na hathruithe a tharla idir 1840 agus 1936. (féach Treoirlínte an Mhúinteora, ar fáil as Béarla)

## Naisc Ghréasáin

*Cad a thaispeánann mapaí?*
**interactive2.usgs.gov/learningweb/textonly/teachers/mapsshow_guide.htm**

*An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiuil*
**www.environ.ie**

### Téarmaí

- Suirbhéireacht Ordanáis
- Comhrianta
- Marc airde
- Spotairde

### Loga an Mhúinteora

*"Bhain na daltaí sult as bheith ag féachaint ar na mapaí agus ag foghlaim faoina gceantar féin."*

*Múinteoir Rang 5*